**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0354/2020**

16.11.2020

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le dúnmharuithe feirme san Afraic Theas

**Gerolf Annemans, Dominique Bilde, Maximilian Krah, Joachim Kuhs, Roman Haider, Nicolaus Fest, Elżbieta Kruk, Guido Reil, Jaak Madison, Virginie Joron, Lars Patrick Berg, Markus Buchheit, Christine Anderson, Jörg Meuthen, Angel Dzhambazki, Bernhard Zimniok, Gunnar Beck, Milan Uhrík, Nicolas Bay, Miroslav Radačovský, Athanasios Konstantinou, Herve Juvin, Danilo Oscar Lancini, Mara Bizzotto**

**B9-0354/2020**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le dúnmharuithe feirme san Afraic Theas**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 9 de Chomhaontú Cotonou 2000,

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go mbíonn daoine geala ón Afraic Theas, go háirithe feirmeoirí ('bóraigh'), ina n-íospartaigh d'ionsaithe bunaithe ar chine a bhfuil dianchéasadh mar shaintréith díobh agus arb iondúil go gcríochnaíonn siad le dúnmharú; de bhrí go dtarlaíonn 132.2 dúnmharú ar fheirmeacha as gach 100 000 duine i gcomparáid le 36.4 as gach 100 000 de dhaonra iomlán na tíre;

B. de bhrí go séanann Uachtarán na hAfraice Theas go bhfuil bunús ciníoch leis na dúnmharuithe sin, in ainneoin na fianaise dá mhalairt sin;

C. de bhrí gur dúnmharaíodh feirmeoir 21 bhliain d'aois le déanaí, ar sádh roinnt uaireannta é agus ar ceanglaíodh le cuaille é le rópa timpeall a mhuiníl, agus gur thionscain an dúnmharú sin agóidí i measc feirmeoirí ar fud na tíre;

1. ag tathant ar Bhallstáit AE admháil go hoscailte go bhfuil bunús ciníoch leis na hionsaithe brúidiúla seo agus tacú le cás na ndaoine de bhunadh Eorpach atá ina gcónaí san Afraic Theas le glúnta anuas, go háirithe cás na bhfeirmeoirí san Afraic Theas;

2. ag tathant ar Bhallstáit AE brú a chur ar rialtas na hAfraice Theas tosaíocht a thabhairt do dhul i ngleic leis na coireanna sin agus na daoine sin a bhíonn á iarraidh go díreach nó go hindíreach go ndúnmharófaí feirmeoirí agus daoine geala ón Afraic Theas a ionchúiseamh.